Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# GNÓ

# GNÁTHLEIBHÉAL

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT GNÓ GNÁTHLEIBHÉAL 2010

## SCÉIM MHARCÁLA

ROINN 1 100 marc
Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.

| Ceist | Scéim Mharcála | |
|---|---|---|
| 1 | (i) 3marc (2m + 1m)<br>(ii) 3marc (2m + 1m)<br>(iii) 4 @ 1 marc an ceann | 10 |
| 2 | (i) 5 marc do fhreagra ceart.<br>Más mícheart, suas go 3 marc d'oibrithe<br>(ii) 5 marc do fhreagra ceart<br>Más mícheart, suas go 3 marc d'oibrithe | 10 |
| 3 | Cúig fhreagra chearta @ 2 marc an ceann | 10 |
| 4 | **Dhá** bhuntáiste @ 5m an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 5 | Cúig fhreagra @ 2 marc an ceann | 10 |
| 6 | **Dhá** shlí @ 5m an ceann | 10 |
| 7 | Leagan amach meamram: 6 mhír @ 1 marc an ceann<br>Ábhar: 4 marc | 10 |
| 8 | Cúig fhreagra @ 2 marc an ceann | 10 |
| 9 | **Trí** bhonn @ 10 marc: (4m + 3m +3m) | 10 |
| 10 | **Dhá** bhuntáiste @ 5m an ceann | 10 |
| 11 | Míniú mhaith @ 10 marc (5m + 5m) | 10 |
| 12 | **Dhá** bhealach @ 5 marc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 13 | **Trí** chéim in ord ceart @ 2 marc an ceann<br>**Dhá** shampla neamhchineálach @ 2 marc an ceann | 10 |
| 14 | **Dhá** mhíniú @ 5 marc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 15 | **Trí** theideal @ 10 marc (4m + 3m + 3m) | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna ar Fáil** | **100** |

# ROINN 2 - (300 Marc)

## ROINN 2 CUID 1

**ÍOSMHÉID: 1 CEIST (75 marc)**
**UASMHÉID: 2 CEIST (150 marc)**

## DAOINE SA GHNÓ

## CEIST 1

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1 (A)** | (i) Ceithre fhocal + bliain @ 2 marc an ceann<br>(ii) **Trí** cheart dlíthiúil @ 5 marc an ceann (3m + 2m)<br>Dualgas **amháin** @ 5 marc (3m + 2m)<br>*(Cearta dlíthiúla an teaghlaigh inghlactha mar dhualgas an mhiondíoltóra ach gan aon athrá)*<br>(iii) **Dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an gCúirt Mhionéilimh @ 10m an ceann (5m + 5m) | 5 x 2 m<br><br>4 x 5m<br><br><br><br>**2** x 10m | 10<br><br>20<br><br><br><br>20 |
| **1 (B)** | (i) Míniú ar 'phicéadú' @ 15 marc<br>*(Tagann oibrithe atá páirteach in aighneas le chéile lasmuigh den ionad oibre + Pointe amháin eile* — *5 marc / 5 marc / 5 marc)*<br><br>(i) Dhá fheidhm ceardchumainn @ 5 marc an ceann | 5m + 5m + 5m<br><br><br><br>**2** x 5m | 15<br><br><br><br>10 |
| | Marcanna ar Fáil | | **75** |

## TIMPEALLACHT INTÍRE/IDIRNÁISIÚNTA

## CEIST 2

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2 (A)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le comhlacht príobháideach teoranta<br>@ 5 marc an ceann | 2 x 5m | 10 |
| **2 (B)** | **Dhá** fhreagracht atá ar ghnólachtaí maidir leis an timpeallacht<br>@ 8 marc + 7 marc | 4m + 4m<br>4m + 3m | 15 |
| **2 (C)** | (i) Custaiméirí: 2 phointe @ 5 marc an ceann<br>(ii) Fostaithe: 2 phointe @ 5 marc an ceann | 2 x 5m<br>2 x 5m | 20 |
| **2 (D)** | **Trí** dhúshlán/deacracht a bhaineann le honnmhairiú<br>@ 5 marc an ceann (3m + 2m)<br>*(faigheann freagraí le haon fhocal amháin nó dhá fhocal 3 marc)* | 3 x 5m | 15 |
| **2 (E)** | **Dhá** bhuntáiste don phobal áitiúil<br>@ 8 marc + 7 marc | 4m + 4m<br>4m + 3m | 15 |
| | Marcanna ar Fáil | | **75** |

## AN TIMPEALLACHT/INTÍRE
## CEIST 3

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3 (A)** | (i) Barrachairt:<br>Teideal 2 marc<br>4 barra @ 2 marc an ceann<br>(ii) **Dhá** éifeacht ar an Rialtas<br>@ 10 marc an ceann (5m + 5m)<br>(iii) **Dhá** éifeacht ar ghnó<br>@ 10 marc an ceann (5m + 5m) | <br>2m<br>4 x 2 m<br><br>2 x 10<br><br>2 x 10 | <br><br>10<br><br>20<br><br>20 |
| **3 (B)** | **(i) Dhá** éifeacht ar gheilleagar na hÉireann<br>@ 8 marc + 7 marc<br><br>**(**ii) Éifeacht a bhaineann le laghdú an Ráta CBL<br>@ 10 marc an ceann (5m + 5m) | <br>4m + 4m<br>4m + 3m<br><br>5m + 5m | <br><br>15<br><br>10 |
| | Marcanna ar Fáil | | **75** |

## ROINN 2 CUID 2

**ÍOSMHÉID: 2 CHEIST** (150 marc)
**UASMHÉID: 3 CHEIST** (225 marc)

## FIONTARAÍOCHT/BAINISTÍOCHT
## CEIST 4

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4 (A)** | Ceannaireacht uathlathach - míniú<br>@ 10 marc an ceann (5m + 5m) | 10 m | 10 |
| **4 (B)** | **Dh**á éifeacht a bhaineann le drochchaidrimimh fostóra/fostaí<br>2 phointe @ 8 marc + 7 marc | 4m + 4m<br>4m + 3m | 15 |
| **4 (C)** | **Trí** thréith /scil fiontraíochta @ 5 m an ceann (3m + 2m) | 3 x 5m | 15 |
| **4 (D)** | Ainmnigh **dhá** fhoinse fhadtéarmacha airgeadais @ 5 marc.<br>Míniú **amháin** @ 10 marc (5m + 5m) | 10m<br><br>10m | <br><br>20 |
| **4 (E)** | Teoiric Y McGregor<br>Míniú agus tagairt: 2 phointe @ 8m + 7m<br>An Chéad Phointe:<br>(4m do mhíniú; 4m do thagairt don téacs)<br>2ú Pointe: (4m do mhíniú; 3m do thagairt don téacs) | <br><br><br>4m + 4m<br>4m + 3m | <br><br><br><br>15 |
| | Marcanna ar fáil | | **75** |

## BAINISTÍOCHT
## CEIST 5

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5 (A)** | Formáid fógra: 7 mír @ 2m an ceann<br>An focal "Clár" @ 1 marc<br>Ábhar an chláir: 5 mír @ 2m an ceann<br>*(le ar a laghad trí mhír dena chéad cheithre mhír sna Nótaí Tacaíochta a thabhairt san áireamh móide aon dhá mhír eile)* | 14 m<br>1m<br>10m | 25 |
| **5 (B)** | (i) **Dhá** dhualgas a bhíonn ar an gCathaoirleach @ 5 marc an ceann<br>(ii) **Dhá** dhualgas a bhíonn ar an Rúnaí @ 5 marc an ceann | 10m<br>10m | 20 |
| **5 (C)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe @ 5m an ceann | 10m | 10 |
| **5 (D)** | (i) Dhá mhíniú @ 5 marc an ceann (3m + 2m)<br>(ii) Éifeact ar Phréimheanna amach anseo: 10 m (5m + 5m) | 10m<br>5m + 5m | 10<br>10 |
| | Marcanna ar fáil | | **75** |

## BAINISTÍOCHT
## CEIST 6

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6 (A)** | 'Jabthuairisc' 2 pointe @ 5 marc an ceann<br>(3m do mhíniú; 2m do thagairt d'Fhógraíocht)<br><br>'Sonraí an Duine' 2 pointe @ 5 marc an ceann<br>(3m do mhíniú; 2m do thagairt d'Fhógraíocht) | 2 x 5m<br><br>2 x 5m | 20 |
| **6 (B)** | **Trí** shlí le luach saothair a thabhairt @ 5m an ceann | 3 x 5m | 15 |
| **6 (C)** | **Dhá** bhuntáiste maidir le hobair bhuíne @ 8 marc + 7 marc | 4m + 4m<br>4m + 3m | 15 |
| **6 (D)** | **Dhá** shlí le foireann nua a earcú @ 5m each | 2 x 5m | 10 |
| **6 (E)** | Trí bhuntáiste bhaineann le IT do ghnólacht, le samplaí @ 5 marc an ceann (3m do bhuntáiste + 2m do shampla)<br>*(Ní ghlacfar le níos mó ná 2 shampla a bhfuil baint acu leis an idirlíon)* | 3 x 5m | 15 |
| | Marcanna ar fáil | | **75** |

## GNÓ I nGNÍOMH
## CEIST 7

| | | | |
|---|---|---|---|
| **7 (A)** | **Trí** thoisc a théann i bhfeidhm ar phraghas táirge<br>@ 5 marc an ceann (3m + 2m) | 3 x 5m | 15 |
| **7 (B)** | Saolré Táirge<br>5 chéim ordúla @ 2 marc an ceann<br>2 ais @ 1 marc an ceann<br>Léaráid cheart @ 3 marc | 10m<br>2m<br>3m | 15 |
| **7 (C)** | **Dhá** chúis le taighde margaidh<br>@ 8 marc + 7 marc | 4m + 4m<br>4m + 3m | 15 |
| **7 (D)** | (i) **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le hainm branda a úsáid<br>@ 5 marc an ceann<br>(ii) **Dhá** shampla de bhranda domhanda<br>@ 3m + 2m | 10m<br><br>5m | 15 |
| **7 (E)** | Míniú: Spriocmhargadh<br>@ 10 marc (5m + 5m)<br>Sampla: 5 marc | 10m<br>5m | 15 |
| | Marcanna ar fáil | | **75** |

## BAINISTÍOCHT/GNÓ i nGNÍOMH
## CEIST 8

| | | | |
|---|---|---|---|
| **8 (A)** | **(i) Dhá** bhuntáiste a bhaineann le bheith i do thrádálaí aonair.<br>@ 5 marc an ceann<br>**(ii) Dhá** mhíbhuntáiste @ 5 marc an ceann | 2 x 5m<br><br>2 x 5m | 20 |
| **8 (B)** | (i) **Trí** chineál árachais @ 3 marc an ceann<br>**(ii) Trí** chúis 4m + 4m + 3m | 9m<br>11m | 20 |
| **8 (C)** | **Trí mheán fógraíochta**<br>@ 5 marc an ceann (3m + 2m) | 3 x 5 m | 15 |
| **8 (D)** | **Dhá** mhodh le Tionscnamh Díolacháin a dhéanamh<br>@ 5 marc an ceann (3m + 2m) | 2 x 5 m | 10 |
| **8 (E)** | Míniú: rótharraingt bainc<br>@ 10 marc (5m + 5m) | 5 + 5 m | 10 |
| | Marcanna ar fáil | | **75** |

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010**

**GNÓ GNÁTHLEIBHÉAL**

**NÓTAÍ TACAÍOCHTA**

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála á breithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta atá leis seo eisiach ná críochnaitheach.
- In a lán cásanna, tá eochairabairtí sna nótaí tacaíochta nach mór a bheith le tabhairt faoi deara i bhfreagra an iarrthóra le go mbainfear amach na marcanna atá ceaptha.
- Déanfar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

| ROINN 1 100 marc |
|---|

## Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.

<table>
<tr><td>1</td><td>Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?<br>(i) PR Caidreamh Poiblí<br>(ii) CV Curriculum Vitae<br>(iii) Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí – LLDB (SWOT)</td></tr>
<tr><td>2</td><td>Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil ó chuntais dheiridh Uí Chathasaigh Tta ar 31/12/09.<br>Sócmhainní Reatha € 500,000 Fiachais Reatha € 200,000. Ríomh:<br>(i) Caipiteal Oibre = €500,000 - €200,000 = €300,000<br>(ii) Cóimheas an Chaipitil Oibre = €500,000 : €200,000 = 2.5 : 1</td></tr>
<tr><td>3</td><td>
<table>
<tr><th colspan="2">Earnálacha Tionscal</th><th>Príomhúil</th><th>Tánaisteach</th><th>Treasach/ Seirbhísí</th></tr>
<tr><td>A</td><td>Monarcha a dhéanann coinnle</td><td></td><td>✓</td><td></td></tr>
<tr><td>B</td><td>Comhlacht tacsaí</td><td></td><td></td><td>✓</td></tr>
<tr><td>C</td><td>Bróicéirí Árachais</td><td></td><td></td><td>✓</td></tr>
<tr><td>D</td><td>Feirmeoir déiríochta</td><td>✓</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>E</td><td>Comhlacht mianadóireachta guail</td><td>✓</td><td></td><td></td></tr>
</table>
</td></tr>
<tr><td>4</td><td>Luaigh dhá bhuntáiste atá ag ballraíocht an AE do ghnó na hÉireann:<br>• Airgeadra Coiteann – euro – déanann sé trádáil/taisteal níos éasca<br>• Margadh níos mó ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha maidir le honnmhairiú/leathnú<br>• Féadtar barainneachtaí scála a bhaint amach trí leathnú a dhéanamh<br>• Saorthrádáil – saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí<br>• Saorghluaiseacht caipitil agus saothair.</td></tr>
<tr><td>5</td><td>
<table>
<tr><td>Téarmaí Gnó</td><td>1</td><td>2</td><td>3</td><td>4</td><td>5</td></tr>
<tr><td></td><td>C</td><td>F</td><td>E</td><td>A</td><td>B</td></tr>
</table>
</td></tr>
<tr><td>6</td><td>Luaigh dhá shlí a dtéann rátaí arda úis i bhfeidhm ar chúrsaí gnó:<br>• Cuireann siad le costas iasacht a fháil<br>• Laghdaítear brabús<br>• Ní spreagann sé leathnú/iasacht a fháil<br>• D’fhéadfadh sé éileamh/caiteachas tomhaltóirí a laghdú<br>• D’fhéadfadh sé praghsanna a ardú.</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| 7 | **MEAMRAM**<br><br>**Chuig:** Gach comhalta foirne<br>**Ó:** Michelle Deasy<br>**Dáta:** 15 Meitheamh 2010<br>**Tag:** Lá Traenála<br><br>Beidh an lá traenála á reáchtáil ar an Aoine, 2 Iúil 2010.<br><br>**Sínithe:** Michelle Deasy **Teideal:** Bainisteoir Ginearálta |

8

| FÍOR nó BRÉAGACH: Ráiteas | | FÍOR nó BRÉAGACH: |
|---|---|---|
| 1 | Úsáidtear jabtháirgeadh chun táirgí sainiúla aon uaire a dhéanamh. | **Fíor** |
| 2 | Is éard is Pleanáil Straitéiseach ann ná pleanáil fadtéarma. | **Fíor** |
| 3 | Is bac ar chumarsáid éifeachtach é droch-chaidreamh a bheith idir seoltóir agus glacadóir an scéil. | **Fíor** |
| 4 | Bíonn earraí olltáirgthe an daor de ghnáth agus cáilíocht an-ard ag baint leo. | **Bréagach** |
| 5 | Is ionann Comhar Creidmheasa ann ná saghas Comharchumainn. | **Fíor** |

9 **Liostaigh trí bhonn ar a bhfuil Leithcheal Fostaíochta mídhleathach faoin Acht um Comhionannas Fostaíochta 1998:**

(i) Inscne/Fir/Mná
(ii) Stádas Pósta
(iii) Stádas Teaghlaigh
(iv) Gnéaschlaonadh
(v) Creideamh
(vi) Aois
(vii) Cine
(viii) Míchumas
(ix) Duine den lucht siúil.

10 **Luaigh dhá bhuntáiste a bhaineann le 'Comhpháirtíocht' mar shaghas gnólachta**:

- Níos mó caipitil ar fáil, de bharr a thuille úinéirí/infheisteoirí.
- Níos fearr maidir le cinnteoireacht mar thoradh ar iarracht comhpháirtíochta.
- Roinntear an Riosca
- Roinntear an t-ualach oibre
- Níos mó scileanna/taithí/eolas.

11 **Rialú Stoic:**
Cinntíonn sé sin go bhfuil dóthain stoic ann le riachtanais chustaiméirí a shásamh agus ag an am chéanna coinnítear costais choimeádta stoic chomh híseal agus is féidir. Le taifid mhionsonraithe stoic a chothabháil.

| | |
|---|---|
| 12 | **Dhá shlí ina gcabhraíonn Rialtas na hÉireann le cúrsaí gnó:**<br>(i) Deontais trí Fhiontraíocht Éireann/Údarás na Gaeltachta/IDA<br>(ii) Comhairle/Meantóireacht – Boird Fiontar Contae / Fiontraíocht Éireann<br>(iii) Traenáil trí FÁS<br>(iv) Rátaí cánach íseal – Cáin Chorparáide/Laghduithe CBL<br>(v) Forbairt infrastruchtúir níos fearr – mótarbhealaí nua.<br>(vi) Reachtaíocht a chabhraíonn leis an ngnó a rith, e.g.<br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989<br>An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 |
| 13 | **Comhlánaigh na trí chéim in easnamh sa slabhra dáileacháin.**<br><br>Déantóir<br>↓<br>**Mórdhíoltóir**<br>↓<br>**Miondíoltóir**<br>↓<br>**Tomhaltóir**<br><br>**Tabhair dhá shampla de 'Déantóir':**<br><br>Aon samplaí bailí, m.sh. Toyota, Philips, Jacobs. |
| 14 | **Mínigh na riachtanais seo a leanas i dTosaíochtaí na Riachtanas ag Maslow:**<br><br>**Bunriachtanais –** an riachtanas le bia, éadaí, foscadh agus teas, pá.<br><br>**Riachtanais Sábháilteachta/Slándála** - an riachtanas le háirithiú poist/coinníollacha oibre sábháilte. |
| 15 | **Sainaithin trí cinn de na príomh-cheannteidil i bplean gnó (Sampla: Airgeadas)**<br><br>(i) Mionsonraí/stair/spriocanna agus cuspóirí gnó<br>(ii) Mionsonraí maidir leis na húinéirí/struchtúr dlíthiúil<br>(iii) Bainistíocht – an bealach ina ndéanfar an gnólacht a reáchtáil/a eagrú<br>(iv) Táirgeadh – cur síos ar an táirge/seirbhís/an bealach ina ndéanfar é a tháirgeadh<br>(v) Straitéis Mhargaíochta/Meascadh Margaíochta<br>(vi) Deiseanna margaíochta<br>(vii) Foireann. |

## ROINN 2 - IOMLÁN NA MARCANNA AR FÁIL 300

**ROINN 2 CUID 1**

**ÍOSMHÉID: 1 CEIST 75 MARC**
**UASMHÉID: 2 CEIST 150 MARC**

### Ceist 1 – Daoine sa Ghnó


| | |
|---|---|
| 1 (A) | **(i) Ainmnigh an dlí a chosnaíonn na Búrcaigh sa chás seo (ceannach meaisín níocháin lochtach).**<br>An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980<br><br>**(ii) Mínigh trí cheart dhlíthiúla atá ag muintir de Búrca faoin dlí.**<br>• Ní mór earraí a bheith de mhianach inmhargaidh - ba chóir go mbeadh earraí de mhianach réasúnta, agus an fheidhm mheasta, an mharthanacht agus an praghas a bhaineann leo á gcur san áireamh.<br>• Ní mór go mbeadh na hearraí oiriúnach dá gcuspóir beartaithe – ní mór go ndéanfadh siad an rud atá siad ceaptha a dhéanamh nuair a díoladh iad.<br>• Ba chóir go mbeadh na hearraí de réir an chur síos – níor chóir go mbeadh an cur síos ar an bpacáistíocht míthreorach.<br>• Ba chóir go mbeadh earraí de réir an tsampla – ní mór go mbeadh na hearraí ar fad ar an gcaighdeán céanna leis an sampla.<br>• Mura gcomhlíonann earraí aon cheann de na pointí thuas, tá an tomhaltóir i dteideal sásaimh nó cúitimh – aisíocaíocht nó athsholáthar nó deisiúchán.<br><br>**Mínigh dualgas amháin atá ar stóras leictreachais Uí Mhuirithe faoin dlí:**<br>• Bíonn an conradh ag an díoltóir/miondíoltóir leis an gceannaitheoir/tomhaltóir agus bíonn siad freagrach as rudaí a chur ina gceart/ní féidir leo an fhreagracht a chur ar an tomhaltóir.<br><br>**(iii) Mínigh dhá bhuntáiste a bhaineann le cás a thabhairt go dtí an Chúirt Mhionéileamh.**<br>• Soláthraítear réiteach tapa suas go €2,000 ar éilimh thomhaltóirí.<br>• Thar a bheith inrochtana do dhaoine – is féidir gearán a dhéanamh tríd an bpost nó ar líne – is féidir an fhoirm iarratais a íoslódáil.<br>• Níl sé costasach – táille de €15<br>• Ní bhíonn aon aturnaetha páirteach, rud a shábhálann costas breise don tomhaltóir<br>• Gheofar breithiúnas a bhíonn neamhchlaonta agus cothrom. |
| 1 (B) | **(i) Picéadú:** Ciallaíonn sé sin go mbailíonn oibrithe le chéile atá páirteach in aighneas lasmuigh den ionad oibre agus go mbíonn plaicird á n-iompar acu a thugann eolas maidir lena n-aighneas/stailc/agóid. Ní mór é a bheith suaimhneach. Picéadú príomhúil nó tánaisteach.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá fheidhm atá ag ceardchumann:**<br>• Pá cothrom a fháil dá chuid ball/dul i mbun Comhaontuithe Náisiúnta<br>• Coinníollacha oibre cothrom/feabhsaithe a fháil dá chuid ball<br>• Idirbheartaíocht a dhéanamh thar ceann a chuid ball i gcás aighnis trádála/ionadaíochta<br>• Deiseanna dul chun cinn agus traenála a fháil dá chuid ball<br>• Saoráidí traenála agus áineasa/scéimeanna coigiltis a chur ar fáil dá chuid ball. |

## Ceist 2 – An Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta

| | |
|---|---|
| 2 (A) | **Luaigh dhá bhuntáiste a bhaineann le cuideachta theoranta phríobháideach**<br>(i) Dliteanas teoranta ar na scairshealbhóirí – níl ach a gcuid infheistíochta faoi riosca<br>(ii) Is féidir níos mó caipitil a bhailiú ó suas go 99 scairshealbhóir<br>(iii) Comhlacht dlíthiúil ar leithligh óna scairshealbhóirí, mar sin beidh cumhacht agartha aige agus beidh sé inagartha sa dlí.<br>(iv) Rátáil chreidmheasa níos fearr le hiasachtóirí ná mar a bheadh ag trádálaí aonair<br>(v) Leanúnachas na marthana ar bhás scairshealbhóra. |
| 2 (B) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fhreagracht a bhíonn ar ghnólacht i leith na timpeallachta:**<br>(i) Truailliú – aeir, uisce, torann, aeráid – ní mór gach iarracht a dhéanamh lena leithéid sin de thruailliú a chosc / gan aon astuithe cimiceán a mbeadh tionchar acu ar an aeráid/ar an gciseal ózóin<br>(ii) Diúscairt dramhaíola cheart – gan aon dumpáil mhídhleathach<br>(iii) Úsáid fuinnimh – fuinneamh a chaomhnú nuair is féidir<br>(iv) Athchúrsáil a dhéanamh ar phacáistithe agus ar tháirgí dramhaíola<br>(v) Dlíthe polasaí agus pleanála comhshaoil an údaráis áitiúil a chomhlíonadh. |

| | |
|---|---|
| 2 (C) | **Mínigh conas is féidir le Táirgí Bia Folláin Feirme Tta déileáil go heiticiúil:**<br>**(i) lena gcustaiméirí; (ii) lena bhfostaithe.**<br>**(i) Custaiméirí:**<br>• Táirgí ardchaighdeáin a sholáthar<br>• Praghsanna réasúnacha a ghearradh<br>• A chinntiú go mbeidh táirgí sábháilte agus folláin<br>• Déileáil le gearáin ó chustaiméirí go cothrom<br>• Eolas atá ionraic maidir leis na táirgí a sholáthar.<br>**(ii) Fostaithe:**<br>• Pá cothrom a íoc<br>• Dea-choinníollacha fostaíochta a sholáthar<br>• Gan aon idirdhealú san ionad oibre<br>• Ionad oibre atá sábháilte agus folláin a sholáthar<br>• Caitheamh le fostaithe le hómós agus le dínit. |
| 2 (D) | **Luaigh trí dhúshlán/dheacracht a d'fhéadfadh a bheith ag Séamas agus Martina má shocraíonn siad ar onnmhairiú a dhéanamh go dtí margaí eile.**<br>(i) Costais dáileacháin - suímh fada as láthair<br>(ii) Nósanna/cultúir dhifriúla i dtíortha eile<br>(iii) An costas a bhaineann le táirgí/pacáistiú/fógraíocht a chur in oiriúint<br>(iv) Rioscaí ó luaineachtaí sa ráta malairte, m.sh. Sterling, Dollar<br>(v) Deacrachtaí le híocaíochtaí – d'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair fiachais a bhailiú ó chustaiméirí thar lear.<br>(vi) Iomaíocht ó ghnólachtaí comhchosúla sa mhargadh<br>(vii) Fadhbanna cumarsáide/teangacha éagsúla. |
| 2 (E) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a d'fhéadfadh Táirgí Bia Folláin Feirme Tta a bhronnadh ar an bpobal áitiúil:**<br>(i) Fostaíocht – fostaíonn siad daoine áitiúla<br>(ii) Torthaí – faigheann gnólachtaí áitiúla buntáiste as seirbhís a sholáthar do Tháirgí Bia Folláin Feirme Tta.<br>(iii) D'fhéadfadh urraíocht agus tacaíocht a bheith ann d'imeachtaí áitiúla<br>(iv) Treisíonn caiteachas Tháirgí Bia Folláin Feirme Tta i gCorcaigh an geilleagar áitiúil. |

# Ceist 3 – An Timpeallacht Intíre

| | |
|---|---|
| **3 (A)** | **(I) Barrachairt:**<br><br> |
| | **(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá iarmhairt a bhíonn ag an méadú dífhostaíochta agus ioncam agus chaiteachas an Rialtais:**<br>- Níos mó caiteachais ar shochar/cúnamh dífhostaíochta.<br>- Níos mó caiteachais ar chártaí leighis/leabhair scoile/leasa shóisialaigh/cosaint<br>- Ioncam laghdaithe ó fháltais chánach/ÍMAT<br>- Fáltais CBL laghdaithe mar gheall ar laghdú i gcaiteachas tomhaltóirí. |
| | **(iii) Tabhair breac-chuntas ar dhá iarmhairt a bhíonn ag an méadú dífhostaíochta ar chúrsaí gnó:**<br>- Bíonn laghdú i ndíolacháin agus brabúis mar thoradh ar chaiteachas tomhaltóirí laghdaithe.<br>- Rátaí pá níos ísle/laghdú i gcostais fostaíochta<br>- Níos éasca fostaithe nua a earcú mar go bhfuil go leor daoine ar fáil mar gheall ar dhífhostaíocht<br>- Laghdú ar an tseachtain oibre / seachtain 3 lá<br>- D'fhéadfadh laghdú ar chostais tuarastail teacht as ardú ar líon na bhfostaithe páirtaimseartha/sealadacha<br>- D'fhéadfadh ardú a theacht ar chostais slándála mar gheall gur dóigh go dtiocfaidh ardú ar an ráta coiriúlachta. |
| **3 (B)** | ***Ardú ar an líon tomhaltóirí Éireannacha a bhíonn ag siopadóireacht i dTuaisceart Éireann.***<br>**(i) Luaigh dhá iarmhairt atá ag na cúinsí seo ar gheilleagar na hÉireann:**<br>- Níos lú caiteachais i ngnólachtaí i nDeisceart na hÉireann – laghdú ar dhíolacháin agus ar bhrabús.<br>- Ardú tagtha ar an dífhostaíocht sa deisceart mar gheall ar an laghdú i ndíolacháin<br>- Laghdú ar an ioncam cánach (CBL/Cáin Chorparáide) a fhaigheann Rialtas na hÉireann<br>- Gnólachtaí á ndúnadh/ag dul i bhféimheacht mar gheall ar easpa díolacháin<br>- D'fhéadfadh sé go mbeadh gnólachtaí Éireannacha níos iomaíche mar thoradh ar sin – bheadh orthu praghsanna a laghdú.<br>**(ii) Laghdaigh Rialtas na hÉireann rátaí CBL i mbuiséad na Nollag 2009. Conas is féidir leis an mbeart seo cabhrú chun na cúinsí thuas a chur ar a mhalairt treo?**<br>- Cuideoidh laghdú ar phraghsanna ó dheas den teorainn le gnólacht a dhéanamh níos iomaíche.<br>- Bheadh níos lú fonn ar dhaoine a dhul ag siopadóireacht i dTuaisceart Éireann |

# ROINN 2 CUID 2

**ÍOSMHÉID: 2 CHEIST** 150 MARC
**UASMHÉID: 3 CHEIST** 225 MARC

**Ceist 4 – Fiontar/Bainistíocht**

| | |
|---|---|
| 4 (A) | **Mínigh an téarma ceannaire uathlathach (tiarnasach).**<br>• Tá fíorbheagán iontaobhais nó muiníne ag an gceannaire uathlathach ina fhoireann/a foireann.<br>• Níl sé/sí sásta cumhacht ná freagracht a tharmligean do dhaoine níos ísle i gcéim.<br>• Déanfaidh sé/sí na cinntí ar fad agus déanfaidh siad neamhaird de thuairimí daoine eile<br>• Bainfidh sé/sí úsáid as a gcuid údaráis le comhaontú a chur i bhfeidhm agus d'féadfadh siad úsáid a bhaint as imeaglú nó as eagla / scairteadh ar dhaoine<br>• Ciallaíonn sé sin go mbíonn droch-inspreagadh/easpa comhoibrithe/fadhbanna caidrimh thionscail ann. |
| 4 (B) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a bhféadfadh caidreamh míshásúil idir an fostóir agus na fostaithe dul i bhfeidhm ar ghnólacht:**<br>• Míshástacht fostaí/Droch-atmaisféar san ionad oibre<br>• Bíonn táirgiúlacht íseal, droch-dhíolacháin/drochsheirbhís, brabús íseal mar thoradh ar bheagán inspreagadh a dhéanamh ar fhoireann.<br>• Neamhláithreacht ard mar gheall ar dhrochatmaisféar/míshástacht poist<br>• Ráta ard athraithe lucht saothair – ní fhanfaidh foireann atá míshásta leis an ngnólacht<br>• Fadhbanna caidrimh thionscail – stailceanna, obair de réir rialach |
| 4 (C) | **Tabhair breac-chuntas ar thrí scil/thréith fhiontraíochta a thaispeánann Roisín**.<br>• Nuálach – ábalta fadhbanna agus deiseanna a fheiceáil agus iad a réiteach<br>• Cinntitheach – thosaigh sí a gnólacht féin<br>• Solúbtha/inoiriúnach – d'fhreagair sí d'athrú<br>• Tógálaí riosca – d'fhostaigh sí foireann nua<br>Ina theannta sin: go maith ó thaobh na cumarsáide, inspreagthóir, ceannaire. |
| 4 (D) | **Ainmnigh dhá fhoinse fhadtéarma airgeadais a d'fhéadfadh Róisín a úsáid chun cabhrú léi tús a chur lena gnólacht agus mínigh ceann amháin díobh.**<br>(i) Morgáiste – chun maoin a cheannach; méid, costas/ús, urrús.<br>(ii) Iasacht fhadtéarmach – méid, costas/ús, urrús.<br>(iii) Caipiteal an Úinéara – maoiniú infheistithe sa ghnólacht ag an úinéir, comhdhéanta de choigiltis pearsanta de ghnáth (i dtaisce i gcuntais bhainc, ús tuillte). |

4 (E) **Mínigh Teoiric Y McGregor faoin Inspreagadh, ag tagairt don téacs thuas.**

| ***Míniú*** | ***Tagairt don Téacs*** |
|---|---|
| Bíonn iontaobhas ag fostóirí go ndéanfaidh a gcuid fostaithe a gcuid oibre go maith. | Tá iontaobhas ag Roisín ina foireann |
| Tarmligean fostóirí poist agus freagrachtaí ar an bhfoireann | Creideann Roisín go bhfuil an cumas agus go bhfuil sé de cheart ag a foireann cur le déanamh cinntí. |
| Téann fostóirí i gcomhairle go rialta leis an bhfoireann maidir leis an mbealach is fearr dóibh lena gcuid oibre a dhéanamh. | Téann sí i gcomhairle leis an bhfoireann go rialta maidir leis saincheisteanna gnó. |
| Inspreagann fostóirí fostaithe agus aithníonn siad a bhfuil bainte amach acu. | Íocann sí a foireann go maith agus molann sí iad as caighdeán ard agus cáilíocht a gcuid oibre. Tá sí iontach ó thaobh na cumarsáide de. |

| | | |
|---|---|---|
| | Teastaíonn freagracht ó fhostaithe agus bíonn siad uailmhianach. | Tá meas ag Roisín ar thuairimí a foirne |
| | Is maith le fostaithe an obair agus tá siad toilteanach oibriú.  Baineann siad sásamh as a gcuid oibre. | Tá meas ag Roisín ar thuairimí a foirne agus tá iontaobhas aicí iontu. |

# Ceist 5 - Bainistíocht

| | |
|---|---|
| **5 (A)** | **Agus tú ag baint úsáide as dáta an lae inniu dréachtaigh an Fógra agus an Clár le haghaidh Chruinniú Ginearálta Bliantúil Chlub Spóirt Ghleann Dairn. (Ba cheart go mbeadh cúig mhír ar an gClár)**<br><br>**Club Spóirt Ghleann Dairn**<br>15 Meitheamh 2010<br><br>Tugtar fógra leis seo go reáchtáilfear Cruinniú Cinn Bhliana an Chlub an 5 Iúil 2010 ar 7.30 p.m. in Óstán Park House Gaillimh.<br>Clár:<br>1. Miontuairiscí an Chruinnithe Cinn Bhliana deiridh<br>2. Tuarascáil an Chathaoirligh<br>3. Tuarascáil an Chisteora<br>4. Toghchán Oifigí nua<br>5. Deisiú clubtheach /Maoiniú/Costais Árachais<br>6. Aon Ghnó Eile<br>Michael Brown<br>Rúnaí |
| **5 (B)** | **(i) Tabhair breac-chuntas ar dhá fhreagracht a bhíonn ar Chathaoirleach ag cruinniú.**<br>• A chinntiú go bhfuil córam ann, an cruinniú a oscailt agus a reáchtáil ar bhealach atá ordúil<br>• A chinntiú go leantar an clár/a chinntiú go gcomhlíontar rialacha seasta<br>• A dhéanamh cinnte go bhfaigheann gach duine deis a bheith páirteach agus a gcuid tuairimí a léiriú<br>• A chinntiú go ndéantar vótáil de réir rialacha seasta<br>• D'fhéadfadh sé go mbeadh an vóta réitigh ag an gCathaoirleach i gcás comhionannas vótaí.<br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá fhreagracht a bhíonn ar Rúnaí ag cruinniú.**<br>• A chinntiú go mbíonn Fógra agus Clár faighte roimh ré ag gach duine atá i dteideal freastal<br>• A chinntiú go bhfuil na saoráidí ar fad socraithe agus go bhfuil na doiciméid ar fad is gá ar fáil<br>• Miontuairiscí ón gcruinniú is déanaí a léamh<br>• Aon chomhfhreagras atá ann a léamh amach<br>• Nótaí a thógáil maidir le pléití agus cinntí a rinneadh chun na miontuairiscí a scríobh. |
| **5 (C)** | **Luaigh dhá bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide.**<br>• Tugann siad deis do dhaoine smaointe agus eolas a mhalartú<br>• Tugann siad deis cinntí a dhéanamh trí vótáil ar mholtaí<br>• Is féidir fadhbanna a phlé agus réitigh a chur i láthair<br>• Beidh daoine in ann tuairisc a thabhairt maidir le torthaí srl. do na rannpháirtithe eile<br>• Cumarsáid duine le duine/níos lú míthuisceananíos lú deis ann go mbeidh coimhlint ann. |

| | |
|---|---|
| **5 (D)** | **(i) Mínigh téarmaí árachais**.<br><br>**Polasaí:** Is ionann polasaí ann agus doiciméad conartha idir comhlacht árachais agus an t-árachaí – tá mionsonraí ann maidir leis an árachaí, rioscaí a chumhdaítear, achar an chumhdaigh agus na coinníollacha atá ag gabháil leis.<br><br>**Foirm éilimh:** Má bhíonn caillteanas árachaithe ann, comhlánaíonn an t-árachaí an doiciméad sin nuair a bhíonn cúiteamh á lorg, tugtar cur síos ar cad a tharla agus luaitear |

| | |
|---|---|
| | méid an chaillteanais. Bheadh Siobhan ag iarraidh cúiteamh a fháil don Chlub as an dochar a rinne na tuilte. |
| | **(ii) Tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfadh an damáiste a rinne na tuilte dul i bhfeidhm ar phréimheanna árachais an chlub amach anseo.** D'féadfadh ardú a theacht ar phréimheanna árachais mar go bhfuil préimheanna bunaithe ar riosca. D'fhéadfadh comhlachtaí árachais diúltú an riosca a chumhdach, nó d'fhéadfadh siad an conradh árachais a leasú mar measann siad go bhfuil an riosca níos mó anois. |

# Ceist 6 - Bainistíocht

**6 (A)** **Mínigh na téarmaí seo a leanas agus tú ag tagairt don fhógra thuas:**

**(i)** Déanann ***JABTHUAIRISC*** cur síos ar an bhfolúntas a chaithfear a líonadh. San áireamh ann tá:

| ***Míniú*** | ***Tagairt don Fhógra*** |
|---|---|
| • Teideal an phoist | Dearthóir Gréasáin |
| • mionsonraí na hoibre | Baineann sé le bualadh le cliaint chun a riachtanais a mheas a bheidh i gceist |
| • áit oibre | Baile Átha Cliath |
| • dualgais agus Freagrachtaí: | Dearadh agus forbairt sainláithreáin ghréasáin agus traenáil ar an láthair le haghaidh na gcliant. |
| • coinníollacha fostaíochta. | Le réiteach. |

**(ii)** Déanann **SONRÚ PEARSA** cur síos ar na cáilíochtaí nach mór don iarratasóir rathúil a bheith acu. Bheadh na nithe seo a leanas san áireamh orthu sin:

| ***Míniú*** | ***Tagairt don Fhógra*** |
|---|---|
| • cáilíochtaí | Céim/dioplóma sa Teicneolaíocht Faisnéise |
| • taithí | taithí |
| • tréithe /scileanna oiriúnacha eile | Scileanna sármhaithe cumarsáide agus cumas chun fadhbanna a réiteach. An cumas oibriú mar chuid de bhuíon |

**6 (B)** **Luaigh trí shlí arbh fhéidir le Réitigh TF Uí Cheocháin a fhoireann a chúiteamh.**

**Airgeadas:**

Tuarastal/pá, bónas, Scéim brabús-roinnte, Coimisiún, Úinéireacht roinnte, Plean Pinsin

**Neamhairgeadais:**

Sochair chomhchineáil, m.sh. ballraíocht club, árachas sláinte, carr comhlachta.
Uaireanta solúbtha oibre, Roinnt Poist, Coinníollacha oibre atá taitneamhach agus sábháilte.

**6 (C)** **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhronnann obair bhuíne ar ghnólacht.**

(i) Inspreagadh – spreagann obair bhuíne iarracht níos mó agus tugtar aitheantas á bhfuil bainte amach ag gach duine
(ii) Cinnteoireacht fheabhsaithe mar gheall ar raon níos leithne tuairimí
(iii) Tuilleadh smaointe – baill de bhuíon níos oscailte ó thaobh réitigh agus smaointe de
(iv) Tacaíocht – roinneann baill de bhuíon an fhreagracht agus bíonn siad in ann cuidiú lena chéile
(v) Roinntear an t-ualach oibre/baintear úsáid níos mó as tallanna daoine / bíonn an obair déanta níos tapúla/níos fearr
(vi) Sástacht poist feabhsaithe – laghdaíonn ráta athraithe lucht saothair agus neamhláithreacht.


**6 (D)** **Luaigh dhá shlí, seachas an nuachtán, ar féidir le Réitigh FT Uí Cheocháin iad a úsáid chun foireann nua a earcú.**

(i) Fógraí – go háitiúil/náisiúnta/raidió/teilitéacs/aertel
(ii) Gníomhaireachtaí earcaíochta
(iii) Láithreáin idirlín
(iv) FÁS
(v) Daoine a earcú go pearsanta (i gcoláistí)/conarthaí / líonrú / ó bhéal go béal.

**6 (E)** **Tabhair breac-chuntas ar thrí bhuntáiste a bhronnann an Teicneolaíocht Faisnéise ar ghnólacht, agus tabhair samplaí.**

| | |
|---|---|
| | (i) Margaíocht ar rochtain ar mhargaí domhanda - Idirlíon/láithreáin ghréasáin<br>(ii) Cumarsáid láithreach agus cumarsáid fheabhsaithe – ríomhphoist, Facebook<br>(iii) Cinnteoireacht thapa – buiséid, tuartha shreabhadh airgid ar scairbhileoga<br>(iv) Taighde margaidh - Idirlíon<br>(v) Is féidir earraí/seirbhísí a dhíol ar láithreán siopadóireachta ar líne.<br>(vi) Is féidir daoine a thabhairt le chéile ar láithreáin dhifriúla le haghaidh cruinnithe – físchomhdhála<br>(vii) Ordú gasta stoic de thoradh Idirmhalartú Leictreonach Sonraí (EDI). |

# Ceist 7 – Gnó i nGníomh

<table>
<tr><td>7(A)</td><td>Luaigh trí thoisc a théann i bhfeidhm ar phraghas táirge.<br>
• Costas táirgeachta – ní mór costais a ríomh agus a chur san áireamh thar shaol an táirge.<br>
• Iomaíocht – ní mór go mbeadh an praghas cosúil le praghas na n-iomaitheoirí le sciar margaidh a bhaint amach<br>
• Cineál táirge – cibé inmheatha, marthanach, olltháirgthe nó ardteicniúil<br>
• Coinníollacha/éileamh eacnamaíochta – praghsanna níos airde i ngeilleagar a bhfuil borradh faoi<br>
• An pointe meá ar mheá – an t-íosphraghas le costais a chlúdach<br>
• Tionchair Shéasúracha – ní éilítear nó ní sholáthraítear earraí áirithe ach amháin ag amanna sonracha<br>
• Cánacha/CBL Rialtais – cuirfear iad leis an bpraghas deiridh<br>
• Srianta Rialtais - íosphraghas socraithe do tháirgí áirithe<br>
• Spriocmhargadh – féadfar praghsanna difriúla a ghearradh i margaí difriúla.</td></tr>
<tr><td>7 (B)</td><td>Shaolré Táirge:<br>

</td></tr>
<tr><td>7(C)</td><td>Luaigh dhá chúis a ndéanfadh gnólacht taighde margaidh:<br>
Chun a fháil amach:<br>
• eolas faoin spriocmhargadh/riachtanais chustaiméirí<br>
• má tá éileamh ann do tháirge/seirbhís nua<br>
• eolas maidir le praghasanna/táirgí na n-iomaitheoirí<br>
• An meascadh margaidh is fearr – 4 Ps<br>
• Riosca a laghdú maidir le teip/gan táirgí nach bhfuil ag teastáil a tháirgeadh.</td></tr>
<tr><td>7 (D)</td><td>(i) Luaigh dhá bhuntáiste a bhaineann le húsáid ainm branda.<br>
• cuidíonn sé leis an táirge a aithint/déanann sé difreáil idir an táirge agus táirgí eile<br>
• cruthaíonn sé dílseacht custaiméirí/níos éasca do chustaiméirí táirge a roghnú<br>
• tugann sé deis le táirgí nua a sheoladh<br>
• tugann sé deis do ghnólacht praghas níos airde a bhaint amach agus brabúis bhreise a dhéanamh<br>
(ii) Tabhair dhá shampla de bhranda domhanda: Nike, Rolex, Lacoste, Vodafone, srl.</td></tr>
<tr><td>7 (E)</td><td>Mínigh an téarma ‘spriocmhargadh’.<br>
Is ionann spriocmhargadh agus an grúpa daoine ar a bhfuil an táirge nó an tseirbhís áirithe dírithe. Is féidir spriocmhargadh a shainmhíniú trí aois, leibhéal ioncaim, inscne, suíomh, stíl bheatha. (Daoine ag roinnt riachtanais choitianta).<br>
Mar shampla: Bheadh lúthchleasaithe ina spriocmhargadh le haghaidh deochanna fuinnimh.</td></tr>
</table>

## Ceist 8 – Bainistíocht/Gnó i nGníomh

| | |
|---|---|
| 8 (A) | **Trádálaí Aonair: (i) Dhá Bhuntáiste**<br>(i) Foirmiú – éasca le tosú<br>(ii) Rialú – is féidir leis an trádálaí aonair na cinntí ar fad a dhéanamh<br>(iii) Brabúis – coinníonn an trádálaí aonair na brabúis ar fad<br>(iv) Rúndacht – ní gá eolas a nochtadh don phobal<br>**(ii) Dhá Mhíbhuntáiste**<br>(i) Rioscaí – is ar an trádálaí aonair a thiteann na rioscaí/freagrachtaí ar fad<br>(ii) Dliteanas – dliteanas neamhtheoranta – d'fhéadfaí maoin phríobháideach a chailliúint<br>(iii) Ag tosaigh suas/leathnú – caithfear an caipiteal a chur ar fáil<br>(iv) Leanúnachas – níl ráthaíocht tar éis dul ar scor/bás úinéir<br>(v) Strus – go leor brú agus obair ar dhuine amháin. |
| 8 (B) | **(i) Ainmnigh trí shaghas árachais ba cheart do Jeaic a bheith aige dá ghnólacht.**<br>**(ii) Tabhair cúis amháin le gach saghas árachais díobh sin a bheith aige.**<br>• Dliteanas Poiblí – le cosaint a thabhairt in aghaidh éilimh ó dhaoine den phobal (siopa caife)<br>• Dliteanas Fostóra – le cosaint a thabhairt in aghaidh éilimh ón fhoireann (bácús agus siopa caife)<br>• Mótar – a éilítear don veain de réir dlí<br>• Árachas ar fhoirgnimh agus ar a bhfuil iontu – in aghaidh buirgléireachta, dóiteáin, tuilte, srl<br>• ÁSPC an Fhostóra – éilítear ar fhostóirí cuid de ÁSPC/ÁSPC ar fad na bhfostaithe a íoc de réir an dlí<br>Ina theannta sin: Ráthaíocht Dílseachta, Caillteanas Iarmhartach, Árachas Dliteanais i leith Táirgí. |
| 8 (C) | **Tabhair breac-chuntas ar thrí mheán fógraíochta a d'fhéadfadh Jeaic a úsáid chun a ghnó a chur chun cinn.**<br>(i) Raidió – go leor éisteoirí<br>(ii) Nuachtáin – is féidir leo na gnéithe ar fad a léiriú<br>(iii) fógráin/póstaeir – margadh áitiúil<br>(iv) Post díreach – tairiscintí speisialta/lascaine phearsanta<br>(v) Idirlíon – margadh idirnáisiúnta<br>(vi) Irisí – píosaí daite<br>(vii) Teilifís – margadh mór náisiúnta<br>(viii) Pictiúrlann - lucht éisteachta faoi chuing. |
| 8 (D) | **Seachas laghdú praghsanna, tabhair breac-chuntas ar dhá mhodh eile chun an díolachán a chur chun cinn a bhféadfadh Jeaic leas a bhaint astu chun díolacháin a mhéadú.**<br>(i) Tairiscintí Speisialta – ceannaigh earra amháin agus faigh earra eile saor in aisce: trí earra ar phraghas dhá earra<br>(ii) Comórtais – is maith le custaiméirí duaiseanna a bhuachan i siopa<br>(iii) Dearbháin/Cártaí dílseachta – bronntanas saor in aisce ar mhéid áirithe a bhailiú<br>(iv) Cúpóin praghasghearrtha – faigheann custaiméirí lascaine<br>(v) Samplaí saor in aisce - spreagtar custaiméirí le filleadh. |
| 8 (E) | **Mínigh an téarma 'rótharraingt bhainc'.**<br>• tugann banc cead do chustaiméara níos mó airgead a astharraingt as an gcuntas ná mar atá ann<br>• foinse maoinithe gearrthéarmach atá ann<br>• íoctar ús ar shuim rótharraingthe<br>• tá teorainn leagtha ar shuim na rótharraingthe. |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás an ábhair a leanas, a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leis agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais:

### Gnó – Gnáthleibhéal

**Iomlán: 400 marc** **Gnáthráta: 10%**

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin.

**Os cionn an mharc sin**, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |